

Straitéis Ógras 2016 – 2020

An Fhís

Go mbeadh an Ghaeilge á húsáid mar theanga phobail ag daoine óga na hÉireann agus tuiscint fhorleathan acu ar an oidhreacht Ghaelach agus ar an gcultúr Gaelach agus go mbeadh an fhéinmhuinín agus an cumas acu a n-acmhainn a bhaint amach le bheith lánpháirtach sa phobal trí mheán na Gaeilge.

Misean

Leis an bhfís seo a bhaint amach is é a dhéanann Ógras:

- An Ghaeilge, an cultúr agus oidhreacht Ghaelach a chur chun cinn i measc daoine óga trí spásanna agus deiseanna a thabhairt do dhaoine le bheith ar a suaimhneas agus an Ghaeilge á húsáid acu mar chuid de phobal na Gaeilge atá ag dul i méid
- Timpeallachtaí sábháilte a chruthú ar bhealach atá spráíúil, nua-aoiseach agus comhaimseartha, a spreagann agus a chuireann ar chumas daoine óga taitneamh a bhaint as a bheith ag usáid na Gaeilge..
- Clár oibre don aos óg atá spleodrach, éagsúil agus pleanáilte a chur ar fáil trí Ghaeilge a spreagann machnamh cruthaitheach, neartú muiníne agus forbairt shóisialta trí ghníomhaíochtaí spráíúla, spóirt agus fóillíochta.

Luachanna

Mar eagraíocht, táimid ar son na nithe seo a leanas:

A bheith oscailte agus uileghabhálach	Comhionannas ar fud na heagraíochta
An saorálaíochas – Is iad oibrithe deonacha atá i mbun agus atá mar úinéirí Ógras, a chlubanna agus a thionscadail: Dá bhrí sin, tá ionchur na n-oibrithe deonacha lárnach dár gcuid oibre agus tá meas agus urraim tugtha do ról na n-oibrithe deonacha uile.	Éagsúlacht inár gcur chuige agus inár dtairiscintí
Freastal ar bhonn solúbtha ar riachtanais éagsúla daoine óga	Rannpháirtíocht agus úinéireacht daoine óga
Spásanna sábháilte a chur ar fáil do dhaoine óga chun teacht le chéile agus a bheith ag caint lena chéile go sóisialta	Atmaisféar cairdiúil agus fáilteach a chruthú i ngach rud a dhéanaimid agus sa chaoi ina dtugaimid fúthu
Spraoi ☺	Bród i bhféiniúlacht agus i gcultúr na hÉireann a chur chun cinn
A bheith leathanaigeanta agus gné idirnáisiúnta den eagraíocht a fhorbairt	

Tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn

1. Tacú le clubanna Ógras agus iad a fhorbairt, agus cinntiú go gcuirtear cláir oibre don aos óg atá ar ardchaighdeán ar fáil.

1.1 Ardchaighdeán a fhorbairt agus tacú léis inár gClubanna mar atá leagtha amach i Lámhleabhar Ógras do Chlubanna Óige. An aidhm a bhaineann leis an lámhleabhar ná an t-eolas ábhartha ar fad maidir le Club Ógras éifeachtach a bhunú agus a reáchtáil a thabhairt le chéile agus beidh eolas ann maidir leis na nithe seo a leanas:

1.2 Forfheidhmiú na gClár oibre don Aos Óg a fhorbairt agus tacú leis sna Clubanna.

Is é atá i gceist le cláir ghinearálta ná cláir ar féidir le ceannairí a chur ar fáil go héasca le roinnt oiliúna/tacaíochta, mar shampla:

- An drámaíocht i do chlub (ceardlann)
- Oideachas Forbartha a thacaíonn leis an Seachtain Aon Domhain Amháin
- An nádúr agus timpeallacht
- Sláinte choirp agus gníomhaíochtaí ábhartha
- TechSpace
- Cultúr agus Oidhreacht

Is é atá i gceist le sainchláir ná cláir ina bhfuil níos mó mioneolais, scileanna agus inniúlachtaí de dhíth agus dá bhrí sin ní mór go mbeadh cláir/tacaíochtaí oiliúna a bheith i bhfeidhm do cheannairí sula gcuirtear iad ar fáil. San áireamh sna cláir bheadh na cinn seo a leanas

- Sláinte agus Folláine
- Ceol
- Clár drámaíochta a fhorbairt sa chlub

1.3 Tacaíocht agus forbairt leanúnach do chlubanna Ógras lena n-áirítear cuairteanna tacaíochta ar chlubanna, imeachtaí réigiúnacha agus náisiúnta a neagrú ag oifigigh forbartha.

Rannpháirtíocht ghníomhach na ndaoine óga agus na gceannairí a spreagadh ag gach leibhéal de chuid Ógras (club, leibhéil réigiúnacha agus náisiúnta).

1.4 Tús áite a thabhairt do dhaoine óga idir 13 agus 15 bliana d'aois a choinneáil san eagraíocht agus cláir agus gníomhaíochtaí a fhorbairt leo chomh maith le tús á chur le taighde a dhéanamh ar riachtanais agus roghanna an aoisghrúpa seo.

1.5 Daoine óga atá 15/16+ bliana d'aois a spreagadh le bheith mar cheannairí sóisearacha. Imeachtaí Ógras a eagrú a dhíríonn go sonrach ar rannpháirtíocht daoine óga atá 15/16+ bliana d'aois.

1.6 Baill Ógras atá os cionn 15 bliana d'aois a chur ar an eolas faoi Chonradh na Gaeilge agus na féidreachtaí atá ann dóibh sna todhchaí.

1.7 Páirt a ghlacadh sa Chláir Náisiúnta Sláinte do Dhaoine Óga agus an Marc Cáilíochta Sláinte a bhaint amach.

2. Earcaíocht, tacaíocht, oiliúint agus líonrú do Cheannairí Deonacha

2.1 Próiseas earcaíochta agus oiliúna a fhorbairt do cheannairí nua a chinnteodh go dtuigeann gach ceannaire a ról agus go gcuirtear cláir ar ardchaighdeán ar fáil do dhaoine óga dá réir.

2.2 Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht le hathcheangal a dhéanamh le hiarbhaill de chuid Ógras.

2.3 Iniúchadh a dhéanamh ar scileanna agus inniúlachtaí gach ceannaire. An Clár Oiliúna d'Oibrithe Deonacha *Ag Tosú Amach* de chuid an NYCI a chur i bhfeidhm gach bliain agus sula dtosaíonn na ceannairí ag obair le club.

2.4 Coistí réigiúnacha do cheannairí a fhorbairt i gcomhair líonrú a dhéanamh, d'oiliúint, tacaíochta agus le heolas agus taithí a chomhroinnt.

3. Beartais Tacaíochta – Ógras a fhorbairt mar eagraíocht éifeachtach

3.1 Na caighdeáin a chomhlíonadh atá bunaithe le hobair óige ar ardchaighdeán a sholáthar faoin gCreat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta (CCCN).

3.2 An Cód um Dhea-Rialachas a chur i bhfeidhm d'Ógras agus a chinntiú go gcomhlíontar an Reachtaíocht Catharnachta. San áireamh anseo is gá go mbeadh athbhreithniú ar Bhunreacht Ógras.

3.3 Go mbeadh gach ceannaire ar an eolas faoin bpolasaí agus na nósanna imeachta a bhaineann le cosaint leanaí agus leas na ndaoine óga agus go mbeadh seo mar thosaíocht de gach gníomhaíocht agus clár.

3.4 An tsamhail airgeadais atá i bhfeidhm a thacódh le forfheidhmiú na straitéise seo.

3.5 Gníomhú mar fhostóir freagrach, ina bhfuil bainistíocht feidhmíochta agus polasaí forbartha don fhoireann san áireamh.

3.6 An fheasacht i leith Ógras a mhéadú, go háirithe trí na baill agus clubanna a tharraingt isteach sna meáin shóisialta agus iad a chur i mbun tionscadail a fhorbairt ina mbíonn taithí dhearfach i gceist maidir le bheith

rannpháirteach in Ógras. Iniúchadh a dhéanamh ar an ngrúpa de dhaoine óga atá 16+ bliana d'aois i dtreo cláracha oiriúnach don aois sin a fhorbairt m.sh. Techspace.

3.7 Comóradh 50 bliana Ógras a cheiliúradh in 2019 trí chlár ilchineálach d'imeachtaí.

3.8 Líonrú agus comhoibriú a dhéanamh le heagraíochtaí eile a roinnimid cuspóirí straitéiseacha leo lena n-áirítear Conradh na Gaeilge..

3.9 Tacaíocht a thabhairt d'obair óige idirnáisiúnta trí mhalartuithe agus thionscadail a éascú.